An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí JuniorCYCLE for teachers

# Naisc Fhéideartha a mheas idir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí agus Clár Foghlama Leibhéal 2 (ATFanna)

| | Gnéithe den Aonad Tosaíochta Foghlama | Torthaí Foghlama Leibhéal 2 | Sonraíocht Churaclaim don tSraith Shóisearach: Naisc le Torthaí Foghlama a Mholtar |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid agus litearthacht | Labhairt mar is cuí ar chuspóirí éagsúla agus aireachas mar éisteoir a thaispeáint | **1.3** Sraith de threoracha labhartha a leanúint faoi mhaoirseacht, m.sh. gabh chuig seomra an mhúinteora, siopa áitiúil, nó oifig an phoist, creidmheas a chur san fhón póca<br>**1.4** Tuairimí pearsanta, fíricí agus mothúcháin a chur in iúl, mar is cuí, m.sh. tuairim a chur in iúl faoi chlár teilifíse, nuacht ón deireadh seachtaine a bhí acu a chur in iúl<br>**1.5** Páirt a ghlacadh i gcumarsáid phraiticiúil, fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, m.sh. páirt a ghlacadh in agallamh nó i gcruinniú tuismitheoirí agus múinteoirí, agallamh le piaraí ar thopaicí is spéis leo, ag comhrá agus iad amuigh le cairde, ag fógairt rudaí ar idirchum na scoile<br>**1.6** Éisteacht le réimse scéalta agus freagairt a thabhairt orthu | **1.1** príomhchreidimh reiligiúnacha na dtrí mhór-reiligiún dhomhanda atá in Éirinn sa lá atá inniu ann a chur i láthair<br>**1.7** plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le deasghnátha neamhreiligiúnacha agus ceiliúradh neamhreiligiúnach i saol daoine<br>**1.8** cur síos a dhéanamh ar ról na paidreoireachta i saol daoine a bhfuil creideamh acu<br>**2.9** cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ina bhféadfadh athrú teacht ar chreideamh duine ag pointí áirithe le linn a shaoil<br>**3.6** díospóireacht a dhéanamh faoi shaincheist mhorálta a thagann chun cinn ina shaol féin agus machnamh a dhéanamh faoi na cúiseanna taobh thiar de dhá dhearcadh éagsúla ar an gceist<br>**3.8** míniú a thabhairt faoin gcaoi ina gcuireann an tuiscint atá ag mór-reiligiún domhanda amháin ar chúram a thabhairt don domhan le folláine gach duine ar fud na cruinne agus plé a dhéanamh maidir le hábharthacht na tuisceana sin sa lá atá inniu ann |
| | Iompraíocht neamhbhriathartha a úsáid chun teachtaireacht a chur in iúl | **1.7** Réimse de chineálacha cumarsáide neamhbhriathartha a aithint, m.sh. gotha gnúise, tuineacha gutha, siombailí, éide, dathanna chun giúmar/gníomh cuí a chur in iúl<br>**1.8** Iompraíocht neamhbhriathartha a úsáid chun smaoineamh simplí a chur in iúl, m.sh. díomá nó lúcháir, tuin ghutha chun cúnamh a lorg/gearán a dhéanamh | **1.10** plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le dialóg agus caidreamh idir mór-reiligiúin dhomhanda agus laistigh díobh chun síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn ar fud an domhain sa lá atá inniu ann<br>**2.8** scéalta daoine aonaracha nó grúpaí daoine a chur i láthair ó stair dhá cheann de mhórreiligiúin an domhain a raibh tionchar dearfach acu ar shaol daoine mar gheall ar an tiomantas a bhí acu maireachtáil de réir a gcreideamh |
| | Ealaíona léiritheacha a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh | **1.22** Páirt a ghlacadh i léiriú nó i gcur i láthair, m.sh. mír bheag drámaíochta a léiriú don rang, damhsa nó ceol a léiriú do thuismitheoirí<br>**1.23** Réimse íomhánna a chruthú ag úsáid ábhair éagsúla<br>**1.24** Píosa oibre a dhéanamh le haghaidh taispeántais<br>**1.25** Éisteacht le réimse ceoil agus freagairt dó, trí smaointe agus mothúcháin a phlé, m.sh. an ceoltóir is fearr leo, á rá cén fáth ar mhaith leo a gcuid ceoil<br>**1.26** Drámaíocht nó damhsa a úsáid chun suíomhanna fíora nó samhailteacha a fhiosrú | **1.5** fiosrú a dhéanamh ar théamaí reiligiúnacha i gcultúr na linne seo san ealaín, i gceol, i litríocht nó i scannáin<br>**2.1** taighde a dhéanamh ar fhianaise ealaíonta, ailtireachta nó sheandálaíochta a léiríonn bealaí ina ndearna daoine iarracht brí agus cuspóir a thabhairt dá saol<br>**2.5** beathaisnéis a chruthú faoi bhunaitheoir nó luathleantóirí de chuid mór-reiligiúin dhomhanda, ag baint úsáide as foinsí eolais reiligiúnacha agus stairiúla<br>**2.6** amlíne a chur le chéile maidir le mór-reiligiún domhanda amháin, ag déanamh tagairt do dhaoine tábhachtacha, tréimhsí a raibh borradh faoi agus tréimhsí dúshlánacha |
| | Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí atá oiriúnach do réimse cuspóirí | **1.29** Úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile i ngníomhaíocht<br>**1.35** Teacht ar réimse suíomhanna gréasáin ar an idirlíon, m.sh. scoilnet, suíomhanna gréasáin a bhfuil spéis phearsanta ag an scoláire iontu<br>**1.36** Faisnéis le haghaidh tionscnaimh a aimsiú ar an nGréasán | **1.2** iniúchadh a dhéanamh ar dhá phobal creidimh a bhfuil láithreacht nach beag acu ina cheantar/réigiún féin (ní mór go mbeadh baint ag na pobail chreidimh a roghnaítear le dhá cheann de na cúig mhór-reiligiún domhanda a ndéantar staidéar orthu faoin tsonraíocht)<br>**1.4** iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi inar chuir an Chríostaíocht le cultúr agus oidhreacht na hÉireann<br>**1.11** taighde a dhéanamh faoi eagraíochtaí reiligiúnacha nó eagraíochtaí eile, a bhíonn ag obair ag an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta chun ceartas, síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfuil an obair atá ar bun acu ag cur a bhfís bhunaidh in iúl<br>**3.7** taighde a dhéanamh ar an tuiscint atá ag dhá mhór-reiligiún dhomhanda ar chomhbhá, ceartas, síocháin agus athmhuintearas agus ar na bealaí ina bhfuil an tuiscint sin le sonrú |
| Uimhearthacht | Feasacht a fhorbairt ar am | **2.52** Fadhbanna a réiteach chun imeacht ama a oibriú amach, m.sh. an t-am tosaigh agus críochnaithe a úsáid chun fad turais nó cláir a ríomh, fad chlár ar leith a ríomh<br>**2.53** Lá nó dáta áirithe ar fhéilire nó ar chlár ama a aimsiú, m.sh. mo lá breithe<br>**2.54** Míonna nó gníomhaíochtaí a mheaitseáil lena gcuid séasúr, m.sh. pictiúir de na séasúir a mheaitseáil lena míonna cuí | **2.5** beathaisnéis a chruthú faoi bhunaitheoir nó luathleantóirí de chuid mór-reiligiúin dhomhanda, ag baint úsáide as foinsí eolais reiligiúnacha agus stairiúla<br>**2.6** amlíne a chur le chéile maidir le mór-reiligiún domhanda amháin, ag déanamh tagairt do dhaoine tábhachtacha, tréimhsí a raibh borradh faoi agus tréimhsí dúshlánacha |
| Púram Pearsanta | Bheith ábalta strus a ionramháil | **3.24** Teicníc chun do scíth a ligean a thaispeáint, m.sh. anáil dhomhain a tharraingt | **1.8** cur síos a dhéanamh ar ról na paidreoireachta i saol daoine a bhfuil creideamh acu |
| | Cinntí pearsanta a dhéanamh | **3.41** Na príomhluachanna i saol an scoláire a liostú<br>**3.42** Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil luachanna nasctha le cinntí a dhéanamh i réimse d'ócáidí difriúla, m.sh. meabhrú ar phiarbhrú, iarmhairtí féideartha, eolas iontaofa a bheith ar fáil, staid fhisiceach/ mhothúchánach duine, ionchais shóisialta<br>**3.43** Liosta a dhéanamh de na rudaí/na daoine ar féidir leo tionchar a imirt ar chinnteoireacht<br>**3.44** Na roghanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le cinneadh gearrthéarmach atá ar tí a bheith tógtha a aithint<br>**3.45** Iarmhairtí cinntí a rinneadh a fhiosrú, le linn iad a chur i bhfeidhm agus iad a thabhairt chun críche, m.sh.éirí as caitheamh tobac, meáchan a chailleadh, airgead a choigilt | **3.1** scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí difriúla luachanna agus ar na bealaí difriúla ina n-imríonn luachanna duine tionchar ar roghanna laethúla, ar chaidrimh, agus ar fhreagracht an duine as daoine eile<br>**3.2** machnamh agus plé a dhéanamh faoi cad atá i gceist le moráltacht, faoin bhfáth go gcaithfidh daoine atá ina gcónaí sa tsochaí a bheith morálta agus faoi na tionchair agus na foinsí údaráis taobh thiar de chinnteoireacht mhorálta duine<br>**3.3** scrúdú a dhéanamh ar chód morálta dhá cheann de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda agus plé a dhéanamh ar an gcaoi ina bhféadfadh gach cód tionchar a imirt ar chinnteoireacht mhorálta leantóirí<br>**3.4** iniúchadh a dhéanamh maidir le cad is brí le saol atá go maith ó thaobh na moráltachta de a leanúint ag déanamh tagairt do dhá mhór-reiligiún dhomhanda agus iad a chur i gcomparáid le dearcadh neamhreiligiúnach ar an domhan<br>**3.5** scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le próiseas cinnteoireachta mhorálta cabhrú le duine chun cinneadh idir ceart agus mícheart a dhéanamh i ngnáthchásanna laethúla<br>**3.6** díospóireacht a dhéanamh faoi shaincheist mhorálta a thagann chun cinn ina shaol féin agus machnamh a dhéanamh faoi na cúiseanna taobh thiar de dhá dhearcadh éagsúla ar an gceist |
| Ag Maireachtáil i bPobal | Dea-chaidreamh a fhorbairt | **4.1** Cineálacha difriúla caidrimh a aithint, m.sh. tuismitheoir/páiste, scoláire/ Múinteoir, scoláire/scoláire<br>**3.42** Cásanna a aithint nuair a labhraíonn daoine go difriúil ag brath ar an lucht éisteachta, m.sh. piaraí, múinteoirí, tuismitheoirí, daoine fásta eile<br>**3.43** Bealaí a liostáil inar féidir le leasainmneacha agus spochadh a bheith goilliúnach duit féin agus do dhaoine eile<br>**3.44** Bealaí a aithint/a liostáil inar mhaith leo go gcaithfí leo<br>**3.45** Cur síos a dhéanamh ar bhealaí chun cairde a dhéanamh agus a choimeád, m.sh. tréithe a aithint atá/nach bhfuil inmhianaithe i gcaidreamh<br>**4.6** Páirt chomhoibríoch a ghlacadh i suíomh grúpa<br>**4.7** An tábhacht atá le meas i gcaidreamh a aithint<br>Coimhlintí | **1.10** plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le dialóg agus caidreamh idir mór-reiligiúin dhomhanda agus laistigh díobh chun síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn ar fud an domhain sa lá atá inniu ann<br>**1.11** taighde a dhéanamh faoi eagraíochtaí reiligiúnacha nó eagraíochtaí eile, a bhíonn ag obair ag an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta chun ceartas, síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfuil an obair atá ar bun acu ag cur a bhfís bhunaidh in iúl<br>**3.6** díospóireacht a dhéanamh faoi shaincheist mhorálta a thagann chun cinn ina shaol féin agus machnamh a dhéanamh faoi na cúiseanna taobh thiar de dhá dhearcadh éagsúla ar an gceist<br>**3.7** taighde a dhéanamh ar an tuiscint atá ag dhá mhór-reiligiún dhomhanda ar chomhbhá, ceartas, síocháin agus athmhuintearas agus ar na bealaí ina bhfuil an tuiscint sin le sonrú<br>**3.8** míniú a thabhairt faoin gcaoi ina gcuireann an tuiscint atá ag mór-reiligiún domhanda amháin ar chúram a thabhairt don domhan le folláine gach duine ar fud na cruinne agus plé a dhéanamh maidir le hábharthacht na tuisceana sin sa lá atá inniu ann |
| | Cabhair agus comhairle a lorg | **4.20** Liosta gearr a thiomsú de dhaoine nó de ghrúpaí gur féidir leo tacaíocht a sholáthar, ina measc teagmhálacha pearsanta agus grúpaí/eagraíochtaí<br>**4.21** Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi chun teagmháil a dhéanamh le daoine nó le heagraíochtaí ina gceantar áitiúil ar féidir leo cabhair agus comhairle a thabhairt, m.sh. Stáisiún na nGardaí áitiúil<br>**4.22** Cuairt a thabhairt ar eagraíocht áitiúil phobail agus comhairle a lorg | **2.7** fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ina dtéann teagasc reiligiúnach de chuid mór-reiligiúin dhomhanda amháin i ngleic le ceist ar ábhar buartha í don domhan faoi láthair<br>**3.1** scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí difriúla luachanna agus ar na bealaí difriúla ina n-imríonn luachanna duine tionchar ar roghanna laethúla, ar chaidrimh, agus ar fhreagracht an duine as daoine eile |

** Is rogha 'fhéideartha' a mholtar do na naisc mar go bhfuil na múinteoirí / ranna ábhar san áit is fearr le naisc dhíreacha chuí a dhéanamh le Torthaí Foghlama na CFL2nna, naisc a mheasann siad a oirfidh dá gcuid scoláirí.*